# Cúirꞇ an Ṁeán Oíċe

Ba ġnáċ mé ag siúl le ciuṁais na haḃann
Ar ḃáinseaċ úr is an drúċꞇ go ꞇrom,
In aice na gcoillꞇe, i gcoim an ꞇslé’,
Gan ṁairg, gan ṁoill, ar ṡoilse an lae.
Do ġealaḋ mo ċroí nuair ċínn Loċ Gréine,
An ꞇalaṁ, an ꞇír, is íor na spéire;
Taiꞇneaṁaċ aoibinn suíoṁ na sléiḃꞇe
Ag bagairꞇ a gcinn ꞇ̇ar ḋroim a ċéile.
Do ġealꝼaḋ an croí ḃeaḋ críon le cianꞇa,
Caiꞇe gan ḃrí, nó líonꞇa de ṗianꞇa,
An séiꞇ̇leaċ searḃ gan sealḃ gan saiḃreas
D’ꝼ̇éaċꝼaḋ ꞇamall ꞇ̇ar ḃarra na gcoillꞇe
Ar laċain ’na scuainꞇe ar ċuan gan ċeo
’s an eala ar a ḃꝼuaid ’s í ag gluaiseaċꞇ leo;
Na héisc le meiḋir ag éirí in airde,
Péirse im raḋarc go ꞇaibseaċ ꞇarrḃreac,
Daꞇ̇ an loċa agus gorm na dꞇonn
Ag ꞇeaċꞇ go ꞇolgaċ ꞇorannaċ ꞇrom.
Ḃíoḋ éanlaiꞇ̇ i gcrainn go meiḋreaċ móṁar
Is léimneaċ eilꞇe i gcoillꞇe im ċóngar,
Géimreaċ aḋairce is raḋarc ar ṡlóiꞇe,
Tréanriꞇ̇ gaḋar is Reynard rómpu.
Tréanriꞇ̇ gaḋar is Reynard rómpu.